~~Member States should endeavour to cooperate with neighbouring Member States to apply the concept of flexible use of airspace across national borders.~~

↓551/2004 aithris 16

~~Differences in the organisation of civil-military cooperation in the Community restrict uniform and timely airspace management and the implementation of changes. The success of the single European sky is dependent upon effective cooperation between~~

civil and military authorities, without prejudice to the prerogatives and responsibilities of the Member States in the field of defence.

↓551/2004 aithris 17

Military operations and training should be safeguarded whenever the application of common principles and criteria is detrimental to their safe and efficient performance.

↓551/2004 aithris 18

Ba chóir go dtabharfaí bearta leordhóthanacha isteach d'fhonn an sreabhadh aerthráchta a bhainistiú ar shlí níos éifeachtaí chun cuidiú le haonaid oibríochtúla atá ann cheana, Láraonad Eurocontrol um Bainistíocht an tSreafa Aerthráchta san áireamh, chun oibríochtaí éifeachtacha eitilte a áirithiú.

↓552/2004 aithris 10

Implementing rules for interoperability should be drawn up for systems whenever necessary to complement or further refine the essential requirements; those rules should also be drawn up where necessary to facilitate the coordinated introduction of new, agreed and validated concepts of operation or technologies; compliance with those rules should be permanently maintained; those rules should rely on rules and standards developed by international organisations such as Eurocontrol or ICAO.

↓552/2004 aithris 7

It is therefore in the interest of all those involved in air traffic management to develop a new partnership approach allowing the balanced involvement of all parties and stimulating creativity and the sharing of knowledge, experience and risks; such partnership should aim at defining, in cooperation with industry, a coherent set of Community specifications that can fulfil the widest possible range of needs.

↓552/2004 aithris 11

The development and adoption of Community specifications concerning EATMN, its systems and constituents and associated procedures is an appropriate means of defining the technical and operational conditions necessary to meet the essential requirements and relevant implementing rules for interoperability; compliance with published Community specifications, which remains voluntary, creates a presumption of conformity with the essential requirements and the relevant implementing rules for interoperability.

↓552/2004 aithris 12

Community specifications should be established by the European standardisation bodies in conjunction with the European Organisation for Civil Aviation Equipment (Eurocae) and by Eurocontrol, in accordance with general Community standardisation procedures.

↓552/2004 aithris 13

~~The procedures governing the assessment of conformity or suitability for use of constituents should be based on the use of the modules covered by Council Decision 93/465/EEC of 22 July 1993 concerning the modules for the various phases of the conformity assessment procedures and the rules for the affixing and use of the CE conformity marking, which are intended to be used in the technical harmonisation directives[29]; as far as necessary, these modules should be expanded to cover specific requirements of the industries concerned.~~

↓552/2004 aithris 14

~~The market concerned is of small size and consists of systems and constituents used almost exclusively for air traffic management purposes and not intended for the general public; it would be therefore excessive to affix the CE mark to constituents as, on the basis of the assessment of conformity and/or suitability for use, the manufacturer's declaration of conformity is sufficient; that should not affect the obligation on manufacturers to affix the CE mark to certain constituents in order to certify their compliance with other Community legislation relating to them.~~

↓552/2004 aithris 15

~~The putting into service of air traffic management systems should be subject to verification of compliance with the essential requirements and relevant implementing rules for interoperability; use of Community specifications creates a presumption of conformity with the essential requirements and relevant implementing rules for interoperability.~~

↓552/2004 aithris 16

~~The full application of this Regulation should be accomplished by means of a transitional strategy designed to attain the objectives of this Regulation while not creating unjustified cost-benefit barriers to preservation of the existing infrastructure.~~

↓549/2004 aithris 7

~~Airspace constitutes a limited resource, the optimum and efficient use of which will be possible only if the requirements of all users are taken into account and where relevant, represented in the whole development, decision-making process and implementation of the single European sky, including the Single Sky Committee.~~

↓549/2004 aithris 25

~~The measures necessary for the implementation of this Regulation should be adopted in accordance with Council Decision 1999/468/EC of 28 June 1999 laying down the procedures for the exercise of implementing powers conferred on the Commission[30].~~

~~29 OJ L 220, 30.8.1993, p. 23.~~
~~30 OJ L 184, 17.7.1999, p. 23.~~

↓549/2004 aithris 26 (oiriúnaithe)

~~Article 8(2) of the Standard Rules of Procedure for committees[31] established in application of Article 7(1) of Decision 1999/468/EC provides a standard rule according to which the Chairman of a committee may decide to invite third parties to a meeting of that committee. If appropriate, the Chairman of the Single Sky Committee should invite representatives of Eurocontrol to take part in meetings as observers or experts,~~

549/2004 aithris 18

~~Stakeholders such as air navigation service providers, airspace users, airports, manufacturing industry and professional staff representative bodies should have the possibility to advise the Commission on technical aspects of the implementation of the single European sky.~~

↓549/2004 aithris 12

~~It is desirable to extend the single European sky to European third countries, either within the framework of participation by the Community in the work of Eurocontrol, after the accession by the Community to Eurocontrol, or by means of agreements concluded by the Community with these countries.~~

↓549/2004 aithris 13

~~The accession of the Community to Eurocontrol is an important component in the creation of a pan-European airspace.~~

↓549/2004 aithris 14

~~In the process of creating the single European sky, the Community should, where appropriate, develop the highest level of cooperation with Eurocontrol in order to ensure regulatory synergies and consistent approaches, and to avoid any duplication between the two sides.~~

↓549/2004 aithris 15 (oiriúnaithe)

~~In accordance with the conclusions of the High Level Group, Eurocontrol is the body that has the appropriate expertise to support the Community in its role as regulator. Accordingly, implementing rules should be developed, for matters falling within the remit of Eurocontrol as a result of mandates to that organisation, subject to the conditions to be included in a framework of cooperation between the Commission and Eurocontrol.~~

[31] ~~OJ C 38, 6.2.2001, p. 3.~~

↓549/2004 aithris 16

~~The drafting of the measures necessary in order to create the single European sky requires broad-based consultations of economic and social stakeholders.~~

↓550/2004 aithris 8

~~Smooth operation of the air transport system also requires uniform and high safety standards for air navigation service providers.~~

↓550/2004 aithris 9

~~Arrangements should be made to harmonise the licensing systems for controllers, in order to improve the availability of controllers and to promote the mutual recognition of licences.~~

↓550/2004 aithris 28

~~Owing to the particular sensitivity of information concerning air navigation service providers, national supervisory authorities should not disclose information covered by the obligation of professional secrecy, without prejudice to the organisation of a system for monitoring and publishing the performance of those providers,~~

↓ 549/2004 recital19

~~The performance of the air navigation services system as a whole at European level should be assessed on a regular basis, with due regard to the maintenance of a high level of safety, to check the effectiveness of the measures adopted and to propose further measures.~~

↓549/2004 aithris 21

~~The impact of the measures taken to apply this Regulation should be evaluated in the light of reports to be submitted regularly by the Commission.~~

↓551/2004 aithris 19

~~It is desirable to reflect upon the extension of upper airspace concepts to the lower airspace, in accordance with a timetable and appropriate studies,~~

↓549/2004 aithris 22

~~This Regulation does not affect the power of Member States to adopt provisions in relation to the organisation of their armed forces. This power may lead Member States to adopt measures to ensure that their armed forces have sufficient airspace for adequate education and training purposes. Provision should therefore be made for a safeguards clause to enable this power to be exercised.~~

↓552/2004 aithris 19 (oiriúnaithe)

For reasons of legal certainty it is important to ensure that the substance of certain provisions of Community legislation adopted on the basis of Directive 93/65/EEC remains in force unchanged. The adoption under this Regulation of the implementing rules corresponding to such provisions will necessitate a certain amount of time,

↓552/2004 aithris 18 (oiriúnaithe)

Council Directive 93/65/EEC of 19 July 1993 on the definition and use of compatible technical specifications for the procurement of air traffic management equipment and systems[32] is limited to obligations of awarding entities; this Regulation is more comprehensive in that it addresses obligations of all actors, including air navigation service providers, airspace users, industry and airports, and provides both for rules applicable to all and for the adoption of Community specifications which, while being voluntary, creates a presumption of conformity with the essential requirements. Therefore, Directive 93/65/EEC, Commission Directive 97/15/EC of 25 March 1997 adopting Eurocontrol standards and amending Council Directive 93/65/EEC on the definition and use of compatible technical specifications for the procurement of air traffic management equipment and systems[33] and Commission Regulations (EC) No 2082/2000 of 6 September 2000 adopting Eurocontrol standards and amending Directive 97/15/EC[34] and (EC) No 980/2002 of 4 June 2002 amending Regulation (EC) No 2082/2000 should be repealed after a transitional period.

↓552/2004 aithris 8

The internal market is a Community objective and therefore measures taken under this Regulation should contribute to its progressive development in this sector.

↓552/2004 aithris 9

It is therefore appropriate to define essential requirements which should apply to the European air traffic management network, its systems, constituents and associated procedures.

↓552/2004 aithris 17

Within the framework of the relevant Community legislation, due account should be taken of the need to ensure:

– harmonised conditions with regard to the availability and efficient use of radio spectrum necessary for the implementation of the Single European Sky, including electromagnetic compatibility aspects,

32 IO L 187, 29.07.1993, lch. 52. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

33 IO L 95, 10.04.1997, lch. 16. Treoir arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 2082/2000 (IO L 254, 9.10.2000, lch. 1).

34 IO L 254, 09.10.2000, lch. 1. Rialachán mar atá arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 980/2002 (IO L 150, 8.6.2002, lch. 38).

~~– protection of the safety-of-life services from harmful interference,~~

~~– efficient and appropriate use of frequencies allocated to and managed exclusively by the aviation sector.~~

⇩ nua

(20) D'fhonn na hathruithe a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 1108/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 a chur san áireamh, is gá, i gcomhréir le hAirteagal 65a de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Feabhra 2008 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa[35], a bhfuil sa Rialachán seo a ailíniú lena bhfuil i Rialachán (CE) Uimh. 216/2008.

(21) Ina theannta sin, ba cheart sonraí teicniúla Rialachán (EC) Uimh. 549/2009, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004, a comhaontaíodh in 2004 agus in 2009, a thabhairt bord ar bhord leis an aimsir agus ceartúcháin theicniúla a dhéanamh orthu chun an dul ar aghaidh a rinneadh a chur san áireamh.

(22) Ba cheart raon feidhme geografach an Rialacháin seo i leith réigiún Atlantaigh Thuaidh an ICAO a leasú chun go gcuirfear san áireamh na socruithe soláthair seirbhíse atá ann cheana agus atá beartaithe mar aon leis an ngá comhleanúnachas a áirithiú ó thaobh cur i bhfeidhm rialacha ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus úsáideoirí aerspáis a bhíonn ag oibriú sa limistéar sin.

(23) I gcomhréir leis na róil atá aige mar eagraíocht oibríochtúil agus leis an leasú atá á dhéanamh ar Eurocontrol, ba cheart feidhm an Bhainisteora Gréasáin a fhorbairt a thuilleadh ionsar chomhpháirtíocht tionscal-stiúrtha.

(24) Coincheap na mbloc feidhme aerspáis a bheadh ceaptha feabhas a chur ar an gcomhar idir soláthraithe seirbhísí aerthráchta, is uirlis thábhachtach é chun feabhas a chur ar fheidhmíocht ar chóras BAT na hEorpa. Chun an uirlis sin a fheabhsú a thuilleadh, ba cheart fócas níos mó a bheith ag na bloic feidhme aerspáis a bheith níos fócasaithe ar an bhfeidhmíocht, agus iad bunaithe ar chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha, agus ba cheart níos mó saoirse a bheith ag an tionscal iad a mhodhnú chun na spriocanna feidhmíochta a bhaint amach, agus nuair is féidir é, iad a shárú.

(25) Ba cheart na bloic feidhme aerspáis a bheith ag feidhmiú ar bhealach solúbtha, agus ba cheart go dtabharfaidís le chéile soláthraithe seirbhísí ar fud na hEorpa chun leas a bhaint as cuid buanna a chéile. Ba cheart go bhfágfadh an tsolúbhthacht sin go bhféadfaí sinéirgíochtaí a lorg idir soláthraithe, beag beann ar an áit a bhfuil siad nó ar a náisiúntacht agus go dtiocfadh cineálacha éagsúla de sholáthar seirbhísí chun cinn de réir mar a bheifí ag féachaint le cúrsaí feidhmíochta a fheabhsú.

(26) D'fhonn fócas na seirbhísí aerloingseoireachta ar chustaiméirí a fheabhsú agus d'fhonn méadú ar chaoi úsáideoirí aerspáis tionchar a imirt ar na cinntí a ndéanann difear dóibh, ba cheart méadú ar a éifeachtaí atá na comhairliúcháin a dhéantar le geallsealbhóirí faoi na cinntí tábhachtacha oibríochtúla a dhéanann soláthraithe

---

[35] IO L 79, 19.3.2008, lch. 1.

seirbhísí aerloingseoireachta, agus ar rannpháirteachas na ngeallsealbhóirí i ndéanamh na gcinntí sin.

(27) Uirlis ríthábhachtach is ea an scéim feidhmíochta le rialú eacnamaíoch a dhéanamh ar BAT agus ba cheart cáilíocht agus neamhspleáchas a cuid cinntí a chaomhnú, agus nuair is féidir é, iad a fheabhsú.

(28) D'fhonn forbairtí teicniúla nó oibríochtúla a chur san áireamh, go háirithe trí iarscríbhinní a leasú, nó trí na forálacha maidir le bainistiú gréasán agus an scéim feidhmíochta a fhorlíonadh, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún. Tá ábhar agus raon feidhme gach tarmligin leagtha amach go mionsonrach sna hAirteagail ábhartha. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúchán le saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

(29) Agus é ag cur le liosta na seirbhísí bainistíochta gréasán, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle mar is ceart le geallsealbhóirí an tionscail.

(30) D'fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo, go háirithe a fhad a bhaineann le feidhmiú a gcumhachtaí ag údaráis náisiúnta rialála, soláthar seirbhísí tacaíochta ar bhonn eisiach ag soláthraithe seirbhísí nó grúpaí soláthraithe seirbhísí, bearta ceartaitheacha atá ceaptha comhlíonadh na spriocanna feidhmíochta uile-Aontais agus gaolmhara a áirithiú, athbhreithniú ar chomhlíonadh na scéime muirearaithe, rialachas agus glacadh comhthionscadal a bhaineann le feidhmeanna a bhaineann leis an ngréasán, bloic feidhme aerspáis, na dóigheanna ar féidir le geallsealbhóirí páirt a ghlacadh sna cinntí tábhachtacha oibríochtúla a dhéanann soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, rochtain ar shonraí agus cosaint sonraí, faisnéis aerloingseoireachta leictreonach agus forbairt theicneolaíoch agus idir-inoibritheacht na bainistíochta aerthráchta, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin[36].

(31) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, a fhad a bhaineann le gníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh faoin Rialachán seo, is é an nós imeachta scrúdúcháin ba cheart a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a ghlacadh.

(32) Is é an nós imeachta comhairleach ba cheart a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a bhfuil raon feidhme aonair acu a ghlacadh.

[36] IO L 55, 28.2.2011, lch. 13.

↓549/2004 aithris 20 (oiriúnaithe)

(33) Na pionóis dá bhforáiltear maidir le sáruithe ar an Rialachán seo ~~agus ar na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3~~, ba cheart iad a bheith éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach, gan an tsábháilteacht a laghdú.

⇩ nua

(34) Ba cheart soláthar seirbhísí tacaíochta a dhéanamh, nuair is infheidhme, i gcomhréir le Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú[37], agus Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist[38]. Ba cheart, leis, aird a thabhairt ar na treoirlínte atá leagtha amach i dteachtaireacht léirmhínitheach 2006/C179/02 ón gCoimisiún maidir le dlí an Chomhphobail is infheidhme maidir le dámhachtain conarthaí nach bhfuil faoi réir nó nach bhfuil go hiomlán faoi réir fhorálacha na dTreoracha maidir le Soláthar Poiblí[39], de réir mar is iomchuí.

↓1070/2009 aithris 42

(35) Gabhfaidh Ráiteas na nAirí maidir le hAerfort Ghiobráltar, a comhaontaíodh in Córdoba an 18 Meán Fómhair 2006 (Ráiteas na nAirí) ag chéad chruinniú Aireachta an Fhóraim Agallaimh maidir le Giobráltar, ionad an Dearbhaithe Chomhpháirtigh maidir le hAerfort Ghiobráltar a rinneadh i Londain an 2 Nollaig 1987, agus measfar gurb ionann comhlíonadh iomlán an Ráitis sin agus comhlíonadh Dhearbhú 1987.

↓1070/2009 aithris 43

(36) Tá feidhm ag an Rialachán seo go huile agus go hiomlán maidir le hAerfort Ghiobráltar i gcomhthéacs agus de bhua Ráiteas na nAirí. Gan dochar do Ráiteas na nAirí, beidh a fheidhm maidir le hAerfort Ghiobráltar, agus na bearta go léir a bhaineann lena chur chun feidhme, ar comhréir go hiomlán leis an Ráiteas sin agus leis na socruithe go léir atá ann.

↓549/2004 aithris 24 (oiriúnaithe)

(37) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon cur i bhfeidhm an aerspáis Eorpaigh aonair, a bhaint amach go leordhóthanach, de dhroim scála trasnáisiúnta na gníomhaíochta, agus gur fearr is féidir dá bhrí sin é a bhaint amach ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ , féadfaidh an ~~Comhphobal~~ ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, arna leagan amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na

[37] IO L 134, 30.4.2004, lch. 114.
[38] IO L 134, 30.4.2004, lch. 1.
[39] IO C 179, 1.8.2006, lch. 2.

comhréireachta, atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

↓ 552/2004

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

↓1070/2009 Airteagal 1.1 (oiriúnaithe)
⇨nua

Airteagal 1

~~Cupsóir~~ ⌦ Ábhar ⌫ **agus raon feidhme**

1. ⇨ Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha i gcomhair chruthú agus dhea-fheidhmiú ⇦ ~~Is é is cuspóir do thionsenamh~~ an Aaerspáis Eorpaigh Aaonair ~~ná~~ ⌦ chun na ⌫ caighdeáin sábháilteachta reatha aerthráchta a ~~fheabhsú~~ ⌦ áirithiú ⌫ , rannchuidiú a dhéanamh maidir le forbairt inbhuanaithe an chórais aeriompair a neartú agus feidhmíocht fhoriomlán na bainistíochta aerthráchta (BAT) agus na seirbhísí aerloingseoireachta (SAL) ó thaobh gnáth-aerthráchta de san Eoraip a fheabhsú, d'fhonn freastal ar riachtanais úsáideoirí uile an aerspáis. Cuimseoidh an tA ~~a~~erspás Eorpach Aaonair ~~seo~~ gréasán comhleanúnach pan-Eorpach bealaí, ⇨ aerspás oibríochtúil comhtháthaithe, ⇦ córais bhainistíochta gréasáin agus bhainistíochta aerthráchta atá bunaithe ar ~~nithe a bhaineann le~~ shábháilteacht, éifeachtúlacht agus ~~cúrsaí teicniúla~~ ⇨ ar idir-inoibritheacht ⇦ , agus ar na nithe sin amháin, ar mhaithe leis na húsáideoirí aerpáis uile. ~~D'fhonn an cuspóir seo a bhaint amach, bunaítear creat comhchuibhithe rialála leis an Rialachán seo chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú.~~

↓1070/2009 Airteagal 1.2 (oiriúnaithe)

2. Beidh cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ~~agus feidhmiú na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3~~ gan dochar do cheannasacht na mBallstát ar a n-aerspás ná do cheanglais na mBallstát a bhaineann le hord poiblí, le slándáil phoiblí agus le nithe a bhaineann le cosaint, mar a leagtar amach in Airteagal 38 ~~13~~. Ní chlúdaítear oibríochtaí míleata ná traenáil mhíleata leis an Rialachán seo ~~ná leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3~~.

↓ 1070/2009 Airteagal 1.3 (oiriúnaithe)

3. Beidh feidhmiú an Rialacháin seo ~~agus feidhmiú na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3~~ gan dochar do chearta ná do dhualgais na mBallstát faoi Choinbhinsiún Chicago 1944 ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago"). Sa chomhthéacs seo, tá sé mar ~~chuspóir breise de chuid an Rialacháin~~ ⌦ aidhm ag an Rialachán ⌫ seo, i dtaca leis na

réimsí a chlúdaítear ann, ~~go dtabharfar cabhair do~~ ⌦ cuidiú leis ⌫ na Ballstáit i ndáil le comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Chicago trí bhonn a sholáthar maidir le léirmhíniú coiteann agus cur chun feidhme aonfhoirmeach a chuid forálacha agus trína áirithiú go dtugtar aird chuí ar na forálacha sin sa Rialachán seo agus sna rialacha a tharraingeofar suas chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

↓550/2004

~~CHAPTER I~~

~~GENERAL~~

~~Article 1~~

~~Scope and objective~~

~~1. Within the scope of the framework Regulation, this Regulation concerns the provision of air navigation services in the single European sky. The objective of this Regulation is to establish common requirements for the safe and efficient provision of air navigation services in the Community.~~

~~2. This Regulation shall apply to the provision of air navigation services for general air traffic in accordance with and within the scope of the framework Regulation.~~

↓551/2004

~~CHAPTER I~~

~~GENERAL~~

~~Article 1~~

~~Objective and scope~~

~~1. Within the scope of the framework Regulation, this Regulation concerns the organisation and the use of airspace in the Single European Sky. The objective of this Regulation is to support the concept of a progressively more integrated operating airspace within the context of the common transport policy and to establish common procedures for design, planning and management ensuring the efficient and safe performance of air traffic management.~~

~~2. The use of airspace shall support the operation of the air navigation services as a coherent and consistent whole in accordance with Regulation (EC) No 550/2004 of the European Parliament and of the Council of 10 March 2004 on the provision of air navigation services in the single European sky (the service provision Regulation)[40].~~

~~40 See page 10 of this Official Journal.~~

↓551/2004 (oiriúnaithe)
⇨nua

43. ~~Gan dochar d'Airteagal 10,~~ ~~b~~Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an aerspáis laistigh de na réigiúin EUR, AFI ⇨ agus NAT ⇦ den ICAO i gcás ina bhfuil sé de fhreagracht ar Bhallstáit seirbhísí aerthráchta a sholáthar i gcomhréir ~~leis an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí~~ ⌦ leis an Rialachán seo ⌫ . Féadfaidh na Ballstáit an Rialachán seo a chur i bhfeidhm maidir le haerspás atá faoina gcúram laistigh de réigiúin eile den ICAO, ar choinníoll go gcuireann siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi sin.

↓ 551/2004

~~4. The Flight Information Regions comprised within the airspace to which this Regulation applies shall be published in the Official Journal of the European Union.~~

↓1070/2009 Airteagal 1.1

54. Tuigtear i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le haerfort Ghiobráltar gur cur i bhfeidhm é atá gan dochar do sheasamh dlíthiúil Ríocht na Spáinne ná do sheasamh dlíthiúil Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann faoi seach maidir leis an díospóid faoi cheannasacht ar an gcríoch ina bhfuil an t-aerfort suite.

↓552/2004 (oiriúnaithe)

~~*Article 1*~~

~~**Objective and scope**~~

~~1. Within the scope of the framework Regulation, this Regulation concerns the interoperability of the EATMN.~~

~~2. This Regulation shall apply to the systems, their constituents and associated procedures identified in Annex I.~~

~~3. The objective of this Regulation is to achieve interoperability between the different systems, constituents and associated procedures of the EATMN, taking due account of the relevant international rules. This Regulation aims also at ensuring the coordinated and rapid introduction of new agreed and validated concepts of operations or technology in air traffic management.~~

↓549/2004 (oiriúnaithe)

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo ~~agus na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3~~, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

↓549/2004
⇨nua

1. ciallaíonn 'seirbhís rialaithe aerthráchta (ATC)' seirbhís a sholáthraítear chun na gcríoch seo a leanas:

(a) imbhualadh a chosc:

– idir aerárthaí, agus

– sa limistéar ainlithe idir aerárthaí agus bacainní; agus

(b) sreabhadh rianiúil aerthráchta a éascú agus a choinneáil;

2. ciallaíonn 'seirbhís rialaithe aeradróim' aon tseirbhís ATC i gcomhair tráchta aeradróim;

3. ciallaíonn 'seirbhís faisnéise aerloingseoireachta' seirbhís atá bunaithe laistigh den limistéar atá sainithe i gcomhair clúdaigh agus a bhfuil freagracht uirthi as soláthar na faisnéise agus na sonraí aerloingseoireachta a theastaíonn i gcomhair sábháilteacht, rialtacht agus éifeachtúlacht na haerloingseoireachta;

4. ciallaíonn 'seirbhísí aerloingseoireachta' seirbhísí aerthráchta; seirbhísí cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais; seirbhísí meitéareolaíocha i gcomhair aerloingseoireachta; agus seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta;

5. ciallaíonn 'soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta' aon eintiteas poiblí nó príobháideach a sholáthraíonn seirbhísí aerloingseoireachta d'ghnáth-aerthrácht;

6. ciallaíonn 'bloc aerspáis' aerspáis de thoisí atá sainithe, de réir spáis agus ama, a soláthraítear seirbhísí aerloingseoireachta laistigh de;

7. ciallaíonn 'bainistíocht aerspáis' ~~feidhm~~ ⇨ seirbhís ⇦ pleanála a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aige úsáid an aerspáis atá ar fáil a uasmhéadú trí chomhroinnt dhinimiciúil ama agus, uaireanta, trí aerspás a leithscaradh idir chatagóirí éagsúla úsáideoirí aerspáis ar bhonn riachtanas gearrthéarmach;

↓1070/2009 Airteagal 1.2(a)

8. ciallaíonn 'úsáideoirí aerspáis' oibreoirí aerárthaí a oibrítear mar gháth-aerthrácht;

↓ 549/2004
⇨ nua

9. ciallaíonn 'bainistíocht na sreibhe aerthráchta' ~~feidhm~~ ⇨ seirbhís ⇦ a bunaíodh chun cur le sreabhadh sábháilte rianúil gasta aerthráchta trína áirithiú go n-úsáidtear an oiread is féidir d'acmhainneacht ATC, agus go luíonn méid an aerthráchta leis an acmhainneacht arna dearbhú ag na soláthraithe seirbhísí aerthráchta iomchuí;

↓ 1070/2009 Airteagal 1.2(b)
⇨ nua

10. ciallaíonn 'bainistíocht aerthráchta (BAT)' comhiomlán na ~~bhfeidhmeanna~~ ⇨ seirbhísí ⇦ san aer agus na ~~bhfeidhmeanna~~ ⇨ seirbhísí ⇦ ar talamh (seirbhísí aerthráchta, bainistíocht an aerspáis agus bainistíocht na sreibhe aerthráchta) a bhfuil

gá leo chun gluaiseacht shábháilte éifeachtúil aerárthaí a áirithiú le linn chéimeanna uile na n-oibríochtaí;"

↓ 549/2004

11. ciallaíonn 'seirbhísí aerthráchta' na seirbhísí faisnéise eitilte, na seirbhísí foláirimh, na seirbhísí comhairleacha aerthráchta agus na seirbhísí ATC éagsúla (seirbhísí rialaithe limistéir, seirbhísí rialaithe ascnaimh agus seirbhísí rialaithe aeradróim);

12. ciallaíon 'seirbhís rialaithe limistéir' aon seirbhís ATC i gcomhair eitiltí rialaithe i mbloc aerspáis;

13. ciallaíonn 'seirbhís rialaithe ascnaimh' aon seirbhís ATC i gcomhair eitiltí rialaithe atá ag teacht nó ag imeacht;

↓1070/2009 Airteagal 1.2(c)

14~~13a~~. ciallaíonn 'Máistirphlean BAT' an plean lenar thacaigh an Chomhairle le Cinneadh 2009/320 ón gComhairle[41], i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt[42];

⇩nua

15. ciallaíonn 'géarchéim eitlíochta' imthosca ina laghdaítear as cuimse an acmhainneacht aerspáis de thoradh imthosca móra drochaimsire nó de thoradh gan codanna móra den aerspás a bheith ar fáil ar chúiseanna nádúrtha nó polaitiúla;

↓ 549/2004

16~~14~~. ciallaíonn ‘beart seirbhísí’ dhá sheirbhís aerloingseoireachta nó níos mó;

↓1070/2009 Airteagal 1.2 (d)

17~~15~~. ciallaíonn 'deimhniú' doiciméad arna eisiúint ag údarás maoirseachta náisiúnta in aon fhoirm a chomhlíonann an dlí náisiúnta agus a dhaingníonn go gcomhlíonann soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta na ceanglais chun seirbhís shonrach a sholáthar;

↓ 549/2004

18~~16~~. ciallaíonn 'seirbhísí cumarsáide' seirbhísí seasta agus soghluaiste aerloingseoireachta lenar féidir cumarsáid talamh go talamh, aer go talamh agus aer go haer a dhéanamh chun críocha ATC;

---

41 IO L 95, 9.4.2009, lch. 41.

42 IO L 64, 2.3.2007, lch. 1.

~~17.'European air traffic management network' (EATMN) means the collection of systems listed in Annex I to Regulation (EC) No 552/2004 of the European Parliament and of the Council of 10 March 2004 on the interoperability of the European air traffic management network (the interoperability Regulation)[43] enabling air navigation services in the Community to be provided, including the interfaces at boundaries with third countries;~~

~~18.'concept of operation' means the criteria for the operational use of the EATMN or of part thereof;~~

19. ciallaíonn 'comhdhamhnaí' réada inláimhsithe amhail crua-earraí agus réada doláimhsithe amhail bogearraí a mbraitheann idir-inoibritheacht Gréasán Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta (EATMN);

⇩nua

20. ciallaíonn 'dearbhú' chun críocha BAT/SAL, aon ráiteas scríofa:

- maidir le comhréireacht nó oiriúnacht le haghaidh úsáide córas agus comhdhamhnaí arna n-eisiúint ag eagraíochtaí atá i mbun córais agus comhdhamhnaí BAT/SAL a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil;
- maidir le comhlíonadh na gceanglas infheidhme a bhaineann le seirbhís nó le córas atá le cur i bhfeidhm agus a d'eisigh soláthraí seirbhíse;
- maidir leis an gcumas agus leis na modhanna chun na cúraimí a chur i gcrích a bhaineann le seirbhísí faisnéise eitilte áirithe

---

🡻549/2004 (oiriúnaithe)

~~20.'Eurocontrol' is the European Organisation for the Safety of Air Navigation set up by the International Convention of 13 December 1960 relating to Cooperation for the Safety of Air Navigation[44];~~

🡻 1070/2009 Airteagal. 1.2(f) (oiriúnaithe)

21~~22~~. ciallaíonn 'úsáid sholúbtha a bhaint as aerspás' coincheap bainistíochta aerspáis a chuirtear i bhfeidhm i limistéar na Comhdhála Eorpaí um Eitlíocht Shibhialta ar bhonn an 'Airspace Management Handbook for the application of the Concept of the Flexible Use of Airspace', arna eisiúint ag ⌦ an Eagraíocht Eorpach um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta ⌫ (Eurocontrol) ⌦ [45] ⌫ ;

---

[43] ~~Féach leathanach 33 den Iris Oifigiúil seo.~~

[44] ~~Convention modified by the protocol of 12 February 1981 and revised by the protocol of 27 June 1997.~~

[45] ⌦Bunaíodh Eurocontrol le Coinbhinsiún Idirnáisiúnta an 13 Nollaig 1960 maidir le Comhoibriú um Shábháilteacht na hAerloingseoireachta, arna leasú le prótacal an 12 Feabhra 1981 agus arna athbhreithniú le prótacal an 27 Meitheamh 1997.⌫

↓ 549/2004

~~23.'flight information region' means an airspace of defined dimensions within which flight information services and alerting services are provided;~~

↓ 1070/2009 Airteagal 1.2(g)

22~~23a~~. ciallaíonn "seirbhís faisnéise eitiltí" seirbhís a sholáthraítear chun comhairle agus faisnéis a thabhairt atá úsáideach le haghaidh eitiltí a sheoladh go sábháilte agus go héifeachtúil;

23~~23b~~. ciallaíonn "seirbhís foláirimh" seirbhís a sholáthraítear chun fógra a thabhairt do na heagraíochtaí ábhartha maidir le haerárthaí nach mór cúnamh cuardaigh agus tarrthála a thabhairt dóibh agus chun cabhrú leis na heagraíochtaí sin de réir mar is gá;

↓ 549/2004

~~24.'flight level' means a surface of constant atmospheric pressure which is related to the specific pressure datum of 1013,2 hectopascals and is separated from other such surfaces by specific pressure intervals;~~

↓ 1070/2009 Airteagal 1.2(h)

24~~25~~. ciallaíonn "bloc feidhme aerspáis" bloc aerspáis atá bunaithe ar riachtanais oibríochtúla agus a bhunaítear gan spleáchas do theorainneacha Stáit, ar bloc é ina bhfuil soláthar na seirbhísí aerloingseoireachta agus na bhfeidhmeanna gaolmhara bunaithe ar fheidhmíocht agus ina mbaintear an úsáid is fearr as na nithe sin d'fhonn comhar feabhsaithe i measc soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó, i gcás inarb iomchuí, soláthraí comhtháite a thabhairt isteach i ngach bloc feidhme aerspáis;

↓549/2004 (oiriúnaithe)

25~~26~~. ciallaíonn 'gnáthaerthrácht' gach gluaiseacht aerárthaí sibhialta, chomh maith le gach gluaiseacht aerárthaí Stáit (lena n-áirítear aerárthaí míleata, custaim agus póilíneachta) i gcás ina ndéantar na gluaiseachtaí sin i gcomhréir le nósanna imeachta ⊠ na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), a bunaíodh le Coinbhinsiún Chicago 1944 ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ⌫ ~~ICAO~~.

~~27.'ICAO' means the International Civil Aviation Organisation, as established by the 1944 Chicago Convention on International Civil Aviation;~~

26~~28~~. ciallaíonn 'idir-inoibritheacht' sraith airíonna feidhmiúla, teicniúla agus oibríochtúla a éilítear ar chórais agus ar chomhdhamhnaí EATMN agus ar na nósanna imeachta dá oibriú, ionas gur féidir é a oibriú go sábháilte, go héifeachtúil agus go comhtháite. Baintear idir-inoibritheacht amach trí na córais agus na comhábhair a chur i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha;

27~~29~~. ciallaíonn 'seirbhísí meitéareolaíocha' na saoráidí agus na seirbhísí sin a chuireann ar fáil d'aerárthaí réamhaisnéisí, coimrí agus breathnóireachtaí

meitéareolaíocha nó aon fhaisnéis mheitéareolaíoch eile nó sonraí meitéareolaíocha eile a sholáthraíonn Stáit chun críche aerloingseoireachta;

28~~30~~. ciallaíonn 'seirbhísí loingseoireachta' na saoráidí agus na seirbhísí sin a chuireann faisnéis faoi shuí agus faoi amú ar fáil d'aerárthaí;

29~~31~~. ciallaíonn 'sonraí oibríochtúla' faisnéis a bhaineann le gach céim eitilte a bhfuil gá ag soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, ag úsáideoirí aerspáis, ag oibreoirí aerfort agus ag gníomhairí bainteacha eile leí chun cinntí oibríochtúla a dhéanamh;

~~32.'procedure', as used in the context of the interoperability Regulation, means a standard method for either the technical or the operational use of systems, in the context of agreed and validated concepts of operation requiring uniform implementation throughout the EATMN;~~

30~~33~~. ciallaíonn 'cur i seirbhís' an chéad úsáid oibríochtúil i ndiaidh na suiteála tosaigh nó i ndiaidh uasghrádú an chórais;

31~~34~~. ciallaíonn 'líonra bealaí' líonra de bhealaí sonraithe lena gclasaítear sreabhadh an ghnáth-aerthráchta de réir mar is gá chun seirbhísí ATC a sholáthar;

~~35.'routing' means the chosen itinerary to be followed by an aircraft during its operation;~~

~~36.'seamless operation' means the operation of the EATMN in such a manner that from the user's perspective it functions as if it were a single entity;~~

↓ 549/2004

32~~38~~. ciallaíonn 'seirbhísí faireachais' na saoráidí agus na seirbhísí sin a úsáidtear chun suíomhanna aerárthaí ar leithligh a chinneadh ionas go féidir iad a scaradh go sábháilte le chéile;

33~~39~~. ciallaíonn 'córas' comhiomlán na gcomhdhamhnaí san aer agus ar talamh, chomh maith le trealamh i spás, a sholáthraíonn tacaíocht do sheirbhísí aerloingseoireachta maidir le gach céim eitilte;

34~~40~~. ciallaíonn 'uasghrádú' aon mhodhnú a athraíonn saintréithe oibriúcháin córais;

↓ 1070/2009 Airteagal 1.2(j)

35~~41~~. ciallaíonn "seirbhísí trasteorann" aon chúinse arb amhlaidh ina leith, maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthraítear i mBallstát áirithe, gur soláthraí atá deimhnithe i mBallstát eile a sholáthraíonn iad~~.~~ ;

⇩nua

36. ciallaíonn 'údarás maoirseachta náisiúnta' an comhlacht nó na comhlachtaí náisiúnta ar chuir Ballstát an cúraim air nó orthu maoirseacht a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus na húdaráis inniúla náisiúnta ar cuireadh de chúraim orthu na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 8b de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 a dhéanamh;

37. ciallaíonn 'seirbhísí tacaíochta' seirbhísí aerloingseoireachta seachas seirbhísí aerthráchta chomh maith le seirbhísí agus gníomhaíochtaí eile, atá bainteach le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta agus a thacaíonn le soláthar na seirbhísí sin;

38. ciallaíonn 'spriocanna feidhmíochta áitiúla' spriocanna feidhmíochta atá socraithe ag na Ballstáit ar an leibhéal áitiúil, eadhon ar leibhéal na mbloc feidhme aerspáis, ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an limistéir muirearaithe nó ar leibhéal an aerfoirt.

↓ 549/2004

~~*Article 3*~~

~~**Fields for action by the Community**~~

~~1. This Regulation establishes a harmonised regulatory framework for the creation of the single European sky in conjunction with:~~

~~(a) Regulation (EC) No 551/2004 of the European Parliament and of the Council of 10 March 2004 on the organisation and use of the airspace in the Single European Sky (the airspace Regulation)[46];~~

~~(b) Regulation (EC) No 550/2004 of the European Parliament and of the Council of 10 March 2004 on the provision of air navigation services in the Single European Sky (the service provision Regulation)[47]; and~~

~~(c) Regulation (EC) No 552/2004 of the European Parliament and of the Council of 10 March 2004 on the interoperability of the European Air Traffic Management network (the interoperability Regulation)[48];~~

~~and with the implementing rules adopted by the Commission on the basis of this Regulation and the regulations referred to above.~~

~~2. The measures referred to in paragraph 1 shall apply subject to the provisions of this Regulation.~~

↓1070/2009 Airteagal 1.3 (oiriúnaithe)
⇨nua

CAIBIDIL II

⌦ÚDARÁIS NÁISIÚNTA ⌫

Airteagal ~~3~~4

Údaráis mhaoirseachta náisiúnta

1. Déanfaidh na Ballstáit, go comhpháirteach nó go leithleach, comhlacht nó comhlachtaí a ainmniú nó a bhunú mar údarás maoirseachta náisiúnta d'fhonn na cúraimí a ghlacadh chuige féin a shanntar d'údarás den sórt sin faoin Rialachán seo ~~agus faoi na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3~~.

---

46 ~~Féach leathanach 20 den Iris Oifigiúil seo.~~
47 ~~Féach leathanach 10 den Iris Oifigiúil seo.~~
48 ~~Féach leathanach 26 den Iris Oifigiúil seo.~~

2. Beidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta ⇨ leithleach go dlíthiúil agus ⇦ neamhspleách ⇨ go háirithe ó thaobh eagrúcháin, ordlathais agus cinnteoireachta de, ar aon ⇦ ~~ar na~~ soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta ⇨ agus ar aon eintiteas príobháideach nó poiblí a bhfuil leas aige i ngníomhaíochtaí na soláthraithe sin ⇦ . ~~Bainfear an neamhspleáchas sin amach trí dheighilt dhóthanach, ar an leibhéal feidhme ar a laghad, idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus na soláthraithe sin.~~

⇩nua

3. Gan dochar do mhír 2, féadfar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a nascadh ó thaobh eagrúcháin de le comhlachtaí rialála eile agus/nó le húdaráis sábháilteachta eile.

4. Na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta nach bhfuil leithleach go dlíthiúil ó gach soláthraí seirbhísí aerloingseoireachta ná ó gach eintiteas príobháideach nó poiblí a bhfuil leas aige i ngíomhaíochtaí na soláthraithe sin, de réir mar a fhoráiltear i mír 2, ar an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, comhlíonfaidh siad an ceanglas sin faoin 1 Eanáir 2020 ar a dhéanaí.

🡻 1070/2009 Airteagal 1.3
⇨nua

~~3~~5. Feidhmeoidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a gcuid cumhachtaí ar bhealach neamhchlaonta, neamhspleách agus trédhearcach. ~~Bainfear an méid sin amach trí shásraí iomchuí bainistíochta agus rialaithe a chur i bhfeidhm,~~ ⇨ Go háirithe, beidh siad eagraithe, soláthraithe le foireann, bainistithe agus maoinithe ionas go mbeidh siad in ann a gcumhachtaí a fheidhmiú ar an mbealach sin. ⇦ ~~agus lena n-áirítear laistigh de chóras riaracháin Ballstáit. Ní chuirfidh sé seo cosc, áfach, ar na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta a gcúraimí a fheidhmiú faoi réir rialacha eagrúcháin údarás náisiúnta eitlíochta sibhialta nó aon chomhlachtaí poiblí eile.~~

⇩nua

6. Maidir le foireann na n-údarás maoirseachta náisiúnta:

(a) earcófar de réir rialacha soiléire trédhearcacha iad lena ráthófar a neamhspleáchas agus i gcás daoine a mbeidh cinntí straitéiseacha faoina gcúram, is í an chomh-aireacht náisiúnta nó an chomhairle airí náisiúnta nó údarás poiblí eile nach rialaíonn na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta go díreach, agus nach dtairbhíonn dá ndroim, a cheapfaidh ina bpost iad.

(b) roghnófar trí nós imeachta trédhearcach iad ar bhonn a gcáilíochtaí sonracha, lena n-áirítear inniúlacht iomchuí agus taithí ábhartha *inter alia* i réimse na hiniúchóireachta, agus i seirbhísí agus i gcórais aerloingseoireachta;

(c) gníomhóidh siad go neamhspleách ar aon leas a bhaineann le soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus ní iarrfaidh siad ná ní ghlacfaidh siad orduithe ó aon rialtas ná ó aon eintiteas poiblí ná príobháideach eile agus feidhmeanna an údaráis mhaoirseachta náisiúnta á gcur i gcrích acu;

(d) maidir le daoine a bhfuil cinntí straitéiseacha faoina gcúram, déanfaidh siad gach bliain dearbhú tiomantais agus dearbhú maidir le leasanna ina gcuirfidh siad in iúl aon leasanna díreacha nó indíreacha atá acu a d'fhéadfaí a mheas go ndéanfaidís dochar dá neamhspleáchas agus a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlíonadh a bhfeidhmeanna; agus

(e) maidir le daoine a bhfuil faoina gcúram cinntí straitéiseacha, iniúchtaí nó feidhmeanna eile a bhaineann go díreach le maoirseacht ar sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta nó lena spriocanna feidhmíochta, ní bheidh aon phost ná cúram gairmiúil acu le haon cheann de na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta tar éis a dtréimhse san údarás maoirseachta náisiúnta, ar feadh bliana amháin ar a laghad.

↓1070/2009 Airteagal 1.3
⇨nua

7~~4~~. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní agus na cumais riachtanacha ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta chun na cúraimí a shanntar dóibh faoin Rialachán seo a chomhall ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil. ⇨Beidh údarás iomlán ag na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta maidir le hearcú agus bainistiú a bhfoirne ar bhonn a leithreasuithe féin a eascraíonn *inter alia* ó mhuirir bhealaigh atá le socrú i gcomhréir leis na cúraimí atá le comhlíonadh ag an údarás i gcomhréir le hAirteagal 4. ⇦

8~~5~~. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh ainmneacha agus sheoltaí na n-údarás maoirseachta náisiúnta, agus aon athruithe a dhéanfar orthu, chomh maith le fógra maidir leis na bearta a dhéantar chun comhlíonadh ⇨ an Airteagail seo ⇦ ~~mhír 2, mhír 3 agus mhír 4~~ a áirithiú.

⇩nua

9. Leagfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe síos maidir leis na nósanna imeachta earcaíochta agus roghnúcháin chun mír 6(a) agus (b) a chur i bhfeidhm. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 27(3).

↓1070/2009 Airteagal 2.1
(oiriúnaithe)

Airteagal ~~4~~2

Cúraimí na n-údarás maoirseachta náisiúnta

1. ⌦ Déanfar na cúraimí seo a leanas go háirithe a chur faoi chúram na n-údarás maoirseachta ⌫ ~~Áiritheoidh na húdaráis mhaoirseachta~~ náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3 ~~4~~ ~~den chreat Rialachán~~ :

(a) ⌦ a áirithiú go ndéanfar ⌫ maoirseacht ~~iomchuí~~ ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe maidir le hoibriú sábháilte éifeachtúil na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann leis an aerspás atá faoi chúram an Bhallstáit a d'ainmnigh nó a bhunaigh an t-údarás ábhartha~~.~~;

⇩nua

(b) deimhnithe a dheonú do sholáthraithe seirbhísí aerloingseoireachta i gcomhréir le hAirteagal 8b de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 agus maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcoinníollacha faoinar deonaíodh iad;

